Acmhainn 6 (Gníomh 4)

Cártaí Smaointeoireachta Cruthaithí agus Grinne (1 de 2)

Smaointeoireacht Chruthaitheach

Solúbthacht	**Leithleachas**	**Ransú smaointe**
Meafair	**Íomhánna**	**Torthaí ilchineálacha**
Féidearthacht	**Neamhiata**	**Réscaipthe**
In ann athrú	**Athrú**	**Sainiúil**
Scaipte	**Le hintinn oscailte**	**Comparáid**
Sampla a úsáid	**Focalphictiúr**	**Torthaí difriúla**

Acmhainn 6 (Gníomh 4)

Cártaí Smaointeoireachta Cruthaithí agus Cáintí (2 de 2)

Smaointeoireacht Ghrinn

Ag rangú	**Ag cur i gcomparáid**	**Patrúin**
Ag cur i sraith	**Ag pleanáil**	**Cúis agus tionchar**
Dóchúlacht	**Conclúid**	**Fócasaithe**
Patrúin	**Patrúin**	**Réasúnú**
Ag rangú	**Ag cur in ord**	**Ag cur i gcomparáid**
Buntáistí agus míbhuntáistí	**An rud is mó/is lú dóchúlacht**	**Maith agus olc**
Comhdhéanamh	**Ag sórtáil**	

Acmhainn 7 (Gníomh 4)

Cleachtaí a Éilíonn Smaointeoireacht Chruthaitheach

1. Tarraing naoi bponc, triúr i ngach líne, le cearnóg a dhéanamh. Ceangail na naoi bponc trí cheithre líne a úsáid ach gan do pheann a thógáil ón leathanach!

2. Rugadh Emily agus Erin ar an lá céanna, sa mhí chéanna, sa bhliain chéanna, don mháthair agus don athair céanna. Mar sin féin, ní cúpla iad. Cad mar is féidir leis seo a bheith fíor?

3. Aimsigh ar a laghad cúig úsáid níos samhailtí do gach ceann de na hearraí seo:
   a) bosca cairthchláir
   b) tairne
   c) sean-nuachtán
   d) tuáille
   e) na múrtha bandaí rubair bhriste

4. Cuirtear trí bhosca os do chomhair. Tá ór istigh i gceann amháin acu; tá an dá cheann eile folamh. Tá leid scríofa ar gach bosca faoi cad é atá istigh ann; níl ach teachtaireacht amháin acu fíor, áfach, tá an dá cheann eile bréagach. Cén bosca ina bhfuil an t-ór?

Níl an t-ór anseo	**Níl an t-ór anseo**	**Tá an t-ór sa dara bosca**

5. a. Thíos tá ocht bhfocal randamacha:

GORAILE	SÁSPAN	LEANBH	CUPÁN
TÁBLA	LEABHAR	CEAPAIRE	GARÁISTE

   Rangaigh iad in dhá ghrúpa, agus, don dá ghrúpa, scríobh síos cad é atá i bpáirt ag na focail a thug ort iad a chur le chéile.

   b. Anois cuir do fhreagra i gcomparáid le freagra duine eile le feiceáil cad iad na smaointe difriúla a bhí agaibh agus sibh ag socrú an dóigh leis na rudaí a rangú nó a ghrúpáil. Gheobhaidh tú amach go gcumann daoine difriúla ceangail dhifriúla idir rudaí. Níl freagra ar bith mícheart!

Acmhainn 7 (Gníomh 4)

Cleachtaí a Éilíonn Smaointeoireacht Chruthaitheach (Freagraí)

1.



2. Is trírín iad

3. Níl freagra ar bith mícheart anseo!

4. Tá an t-ór sa chéad bhosca.

5. Níl freagra ar bith mícheart anseo!

Acmhainn 8 (Gníomh 4)

Cur Chuige Réiteach Fadhbanna

Taispeánann an bhileog seo cineálacha difriúla cur chuige réiteach fadhbanna.

Leis an Smaointeoireacht Chruthaitheach a Chur Chun Cinn

- Glac leis go bhfuil níos mó ná freagra ceart amháin ann.
- Machnaigh an fhuascailt is fearr a bheadh ann muna mbeadh baic ar bith ann.
- Aithin feidhmeanna le rud seachas an ghnáthfheidhm.
- Bíodh intinn oscailte agat.
- Bí ag súgradh. Triail rudaí gan a fhios agat cad é is féidir tarlú.
- Cuir ceisteanna.
- Éiligh cruthú ar na fíricí.
- Bí dearfach.
- Lean den iarracht.

Leis an Smaointeoireacht Ghrinn a Chur Chun Cinn

1. **Déan anailís ar an fhadhb.** Cad é go díreach an fhadhb?

2. **Gin fuascailtí indéanta.** Cad is féidir go n-éireodh leis?

3. **Roghnaigh fuascailt indéanta amháin agus bain triail aisti.** Cad é mar a dhéanfaidh mé é?

4. **Meas cé chomh rathúil is a bhí sé.** Cad é ar éirigh leis? Cad é mar is féidir é a fheabhsú?

Acmhainn 9 (Gníomh 4)

Cur Chuige Smaointeoireachta Grinne

Léiríonn na céimeanna thíos cur chuige críochnúil ar réiteach fadhbanna a chuideoidh leat suíomh a scrúdú go loighciúil agus go héifeachtach gan fíric thábhachtach ná anáil thábhachtach ar bith a chailleadh. Is creatlach é fosta trínar féidir leat do scileanna smaointeoireachta cruthaithí a chur i bhfeidhm!

1. **Eolas**
   Cad é atá a fhios agam?
   Cén fhaisnéis fhíorasach atá agam?

2. **Tuiscint**
   Cad é a thuigim as na fíricí seo?
   Cad iad na hiarmairtí, nó na cialla, a bhfuil baint acu leis na fíricí seo?

3. **Feidhm**
   Cad é mar is féidir liom an fhaisnéis seo a chur i bhfeidhm ar shuíomh nua?
   An bhfuil fadhb ar bith ann atá inréitithe agam?
   Cad é mar ab fhéidir liom seo a dhéanamh?

4. **Anailís**
   An dtig liom míniú a thabhairt ar phatrúin nó ar threochta ar bith inar tharla nuair a chuir mé mo smaoineamh i bhfeidhm?

5. **Sintéis**
   An bhfuil mé in ann smaoineamh ar chásanna samhailteacha "cad é a tharlódh dá..." a bhfuil feidhm acu leis an suíomh atá faoi chaibidil?
   An bhfuil mé in ann smaointe nua a chumadh le cur i bhfeidhm ar an suíomh atá faoi chaibidil?

6. **Measúnú**
   An bhfuil mé in ann cur síos a dhéanamh ar cad é atá maith nó rathúil, agus ar cad é nach bhfuil chomh maith nó chomh rathúil sin, faoi na fuascailtí a moladh?
   An dtig liom moltai a dhéanamh leis an suíomh a fheabhsú?
   An dtig liom cur chuige malartach, nó ceisteanna eile le machnamh orthu, a mholadh?